C/2024/6008

9.10.2024

Moltaí do na cúirteanna náisiúnta maidir le tionscnamh an nós imeachta um réamhrialú

(C/2024/6008)

Ó theacht i bhfeidhm Rialachán (AE, Euratom) 2024/2019 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Aibreán 2024 lena leasaítear Prótacal Uimh. 3 ar Reacht Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh ([1]), an 1 Meán Fómhair 2024, tá an Chúirt Bhreithiúnais ag roinnt na dlínse chun breith a thabhairt, i gcásanna réamhrialaithe, ar léiriú dhlí an Aontais Eorpaigh nó ar bhailíocht gníomhartha arna nglacadh ag institiúidí, comhlachtaí, oifigí nó gníomhaireachtaí an Aontais Eorpaigh, le Cúirt Ghinearálta an Aontais Eorpaigh.

I bhfianaise thábhacht mhór an athraithe sin, dealraíonn sé gur gá nuashonrú a dhéanamh ar théacs na Moltaí do chúirteanna náisiúnta maidir le tionscnamh an nós imeachta um réamhrialú ([2]). Mar ab amhlaidh i leaganacha roimhe seo de na moltaí sin, leagtar amach sa téacs seo saintréithe bunúsacha an nós imeachta réamhrialaithe agus na gnéithe atá le cur san áireamh ag na cúirteanna náisiúnta sula gcuirtear cás faoi bhráid na Cúirte Breithiúnais, agus cuirtear faisnéis phraiticiúil ar fáil do na cúirteanna sin freisin maidir le foirm agus inneachar na n-iarrataí ar réamhrialú sin, agus freisin faoin réamhanailís a dhéantar orthu nuair a thaisctear iad sa Chúirt Bhreithiúnais chun an chúirt a bhfuil dlínse aici chun iad a láimhseáil a chinneadh. Nuair a bhíonn an cinneadh sin déanta, déanfaidh an Chúirt Bhreithiúnais nó an Chúirt Ghinearálta an iarraidh ar réamhrialú a láimhseáil ar bhealach comhionann ó thaobh na substainte de. Faoi réir an cháis eisceachtúil go ndéanfar athbhreithniú, is cinntí cinntitheacha iad breitheanna na Cúirte Ginearálta agus tá an raon feidhme céanna acu agus atá ag breitheanna na Cúirte Breithiúnais.

([1]) IO L, 2024/2019, 12.8.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2024/2019/oj.
([2]) IO C 380, 8.11.2019, lch. 1.

Clár

		Míreanna
Réamhrá		1–2
I.	Na forálacha is infheidhme maidir le gach iarraidh ar réamhrialú	3–39
	Údar na hiarrata ar réamhrialú	3–7
	Ábhar agus raon feidhme na hiarrata ar réamhrialú	8–11
	Am trátha chun tarchur chun réamhrialú a dhéanamh	12–13
	Foirm agus ábhar na hiarrata ar réamhrialú	14–20
	Cosaint sonraí pearsanta agus anaithnidiú na hiarrata ar réamhrialú	21–22
	Tarchur na hiarrata ar réamhrialú agus cáschomhad na n-imeachtaí náisiúnta chuig an gCúirt Bhreithiúnais	23–24
	Cinneadh na Cúirte Breithiúnais maidir leis an gcúirt a bhfuil dlínse aici chun iarraidh ar réamhrialú a éisteacht agus a chinneadh	25–29
	An ceangal idir an tarchur chun réamhrialú agus na himeachtaí náisiúnta	30–32
	Costais agus cúnamh dlíthiúil	33–34
	Seoladh an nós imeachta os comhair na Cúirte Breithiúnais nó na Cúirte Ginearálta agus na céimeanna eile a ghlacann an chúirt a rinne an tarchur i ndáil lena mbreith	35–37
	An fhéidearthacht eisceachtúil go ndéanfaidh an Chúirt Bhreithiúnais athbhreithniú ar bhreith na Cúirte Ginearálta	38–39
II.	Na forálacha is infheidhme maidir le hiarrataí ar réamhrialú ar gá iad a láimhseáil go mear	40–48
	Coinníollacha maidir leis an nós imeachta brostaithe agus an nós imeachta práinne a chur i bhfeidhm	41–43
	Iarratas ar chur i bhfeidhm an nós imeachta brostaithe nó an nós imeachta práinne	44–46
	Cumarsáid idir an Chúirt Bhreithiúnais nó an Chúirt Ghinearálta agus an chúirt a rinne an tarchur agus na páirtithe sna príomhimeachtaí	47–48
Iarscríbhinn – Eilimintí bunriachtanacha san iarraidh ar réamhrialú		

Réamhrá

1. Is sásra bunriachtanach de dhlí an Aontais Eorpaigh é an tarchur chun réamhrialú, dá bhforáiltear in Airteagail 19(3)(b) den Chonradh ar an Aontas Eorpach ('CAE') agus 267 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh ('CFAE'). Is é is aidhm dó léiriú agus cur i bhfeidhm aonfhoirmeach an dlí sin a áirithiú laistigh den Aontas Eorpach trí ionstraim a chur ar fáil do chúirteanna na mBallstát lena gcuirtear ar a gcumas ceisteanna a bhaineann leis an léiriú ar dhlí an Aontais nó le bailíocht gníomhartha arna nglacadh ag institiúidí, comhlachtaí, oifigí nó gníomhaireachtaí an Aontais a chur faoi bhráid Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh, ar bhonn réamhrialú, agus sonraítear, i ndáil leis sin, cé nach mór gach iarraidh ar réamhrialú a sheoladh chuig an gCúirt Bhreithiúnais, ag brath ar ábhar na hiarrata, tabharfaidh an Chúirt Bhreithiúnais nó an Chúirt Ghinearálta an freagra ar na ceisteanna ó na cúirteanna náisiúnta.

2. Tá an nós imeachta um réamhrialú bunaithe ar dhlúthchomhar idir an Chúirt Bhreithiúnais agus an Chúirt Ghinearálta, ar thaobh amháin, agus cúirteanna na Ballstáit, ar an taobh eile. D'fhonn lánéifeachtacht an nós imeachta sin a áirithiú, is gá a shaintréithe bunúsacha a thabhairt chun cuimhne agus gnéithe áirithe a shonrú chun forálacha Rialacha Nós Imeachta na Cúirte Breithiúnais agus na Cúirte Ginearálta a shoiléiriú, atá dréachtaithe i dtéarmaí arb ionann iad ó thaobh na substainte de, a mhéid a bhaineann, inter alia, le húdar, le hábhar agus le raon feidhme na hiarrata ar réamhrialú, mar aon le foirm agus inneachar na hiarrata sin. Forlíontar an soiléiriú sin, a bhfuil feidhm aige maidir le gach iarraidh ar réamhrialú (I), leis na forálacha maidir leis na hiarrataí ar réamhrialú ar gá iad a láimhseáil go mear (II), agus le hiarscríbhinn lena n-achoimrítear an fhaisnéis go léir atá le bheith in iarraidh ar réamhrialú.

I. **Na forálacha is infheidhme maidir le gach iarraidh ar réamhrialú**

Údar na hiarrata ar réamhrialú

3. Déantar dlínse na Cúirte Breithiúnais agus na Cúirte Ginearálta chun breith a thabhairt, mar réamhrialú, ar léiriú nó ar bhailíocht dhlí an Aontais, a fheidhmiú ar thionscnamh eisiach na gcúirteanna náisiúnta, cibé acu ar chuir na páirtithe sna príomhimeachtaí in iúl gur mhian leo go ndéantar tarchur chun réamhrialú nó nár chuir. A mhéid a éilítear air nó uirthi freagracht a ghlacadh as an gcinneadh breithiúnach ina dhiaidh sin, is faoin gcúirt nó faoin mbinse náisiúnta ar tugadh an cás os a chomhair nó os a comhair amháin atá sé measúnú a dhéanamh, i bhfianaise na sonraí i ngach cás, ar an ngá le hiarraidh ar réamhrialú chun bheith in ann breith a thabhairt agus ar ábharthacht na gceisteanna a chuireann sí ar an gCúirt araon.

4. Déantar an coincheap cúirt nó binse a léiriú mar choincheap neamhspleách de dhlí an Aontais, agus sraith fachtóirí á gcur san áireamh amhail tionscnamh dlí an chomhlachta a rinne an tarchur, an comhlacht buan é, an bhfuil dlínse éigeantach aige, an bhfuil nós imeachta sáraitheach i gceist, an mbíonn rialacha dlí á gcur i bhfeidhm ag an gcomhlacht sin agus a neamhspleáchas.

5. Dá réir sin, féadfaidh cúirteanna na mBallstát iarraidh ar réamhrialú a chur faoi bhráid na Cúirte Breithiúnais má mheasann siad gur gá cinneadh ón gCúirt Bhreithiúnais nó ón gCúirt Ghinearálta maidir le ceist a bhaineann le léiriú nó bailíocht dhlí an Aontais ionas go bhféadfaidh siad breithiúnas a thabhairt (féach an dara mír d'Airteagal 267 CFAE). Is féidir le tarchur chun réamhrialú a bheith fóinteach go háirithe i gcás ina n-ardaítear ceist nua léirithe os comhair na cúirte náisiúnta lena mbaineann leas ginearálta maidir le cur i bhfeidhm aonfhoirmeach dhlí an Aontais nó i gcás go ndealraíonn sé nach dtugtar an soiléiriú is gá leis an gcásdlí atá ann i gcomhthéacs dlíthiúil nó fíorasach nár tháinig chun cinn roimhe sin.

6. Nuair a thugtar ceist ar aird i gcomhthéacs cás atá ar feitheamh os comhair cúirte nó binse agus nach bhfuil leigheas breithiúnach faoin dlí náisiúnta in aghaidh chinntí na cúirte nó an bhinse sin, tá sé de cheangal ar an gcúirt nó ar an mbinse sin iarraidh ar réamhrialú a chur faoi bhráid na Cúirte mar sin féin (féach an tríú mír d'Airteagal 267 CFAE) ach amháin má tá cásdlí seanbhunaithe ábhartha ann nó más rud é nach bhfágtar aon amhras réasúnach faoin léiriú ceart ar an riail dlí lena mbaineann.

7. Thairis sin, is léir ó chásdlí comhsheasmhach, cé go bhfuil údarás ag na cúirteanna agus na binsí náisiúnta na saincheisteanna neamhbhailíochta a chuirtear faoina mbráid in aghaidh gníomh de chuid aon institiúid, comhlacht, gníomhaireacht nó oifig de chuid an Aontais a dhiúltiú, tá dlínse ag Cúirteanna an Aontais Eorpaigh amháin, os a choinne sin, dearbhú a dhéanamh go bhfuil gníomh dá leithéid sin neamhbhailí. I gcás go bhfuil amhras ann faoi bhailíocht gnímh dá leithéid sin, ní foláir do chúirt nó binse de chuid Ballstáit ceist a chur ar an gCúirt Bhreithiúnais agus na cúiseanna leis an amhras uirthi á gcur in iúl aici nó aige. Ag brath ar ábhar na hiarrata ar réamhrialú, tabharfaidh an Chúirt Bhreithiúnais nó an Chúirt Ghinearálta breith ar an gceist sin ansin (féach, infra, míreanna 25 go 29).

Ábhar agus raon feidhme na hiarrata ar réamhrialú

8. Caithfidh léiriú nó bailíocht dhlí an Aontais, seachas léiriú ar an dlí náisiúnta nó ceisteanna fíorais arna n-ardú i gcomhthéacs na bpríomhimeachtaí, a bheith mar ábhar don iarraidh ar réamhrialú.

9. Ní féidir leis an gCúirt Bhreithiúnais ná leis an gCúirt Ghinearálta breith a thabhairt ar an iarraidh ar réamhrialú ach amháin más infheidhme é dlí an Aontais maidir leis an gcás lena mbaineann. Ina leith sin, tá sé fíor-riachtanach go leagfaidh an chúirt a dhéanann an tarchur amach na gnéithe ábhartha go léir, ó thaobh fíorais agus dlí de, a fhágann go measann sí go bhféadfadh feidhm a bheith ag forálacha dhlí an Aontais sa chás atá faoi thrácht.

10. I gcás tarchuir chun réamhrialú a bhaineann le léiriú ar an gCairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh, ní mór a chur i gcuimhne go bhfuil forálacha na Cairte dírithe ar na Ballstáit tráth a chuireann siad dlí an Aontais chun feidhme, agus an tráth sin amháin, de bhua Airteagal 51(1) den Chairt sin. Cé go bhféadfadh cásanna ilchineálacha a bheith ann ina mbeadh cur chun feidhme dá leithéid sin i gceist, ní mór é a bheith soiléir aonchiallach, mar sin féin, ón iarraidh ar réamhrialú go bhfuil feidhm ag riail de chuid dhlí an Aontais seachas riail de chuid na Cairte sa chás atá i gceist sna príomhimeachtaí. Ós rud é nach bhfuil dlínse ag Cúirteanna an Aontais chun breithiúnas a thabhairt maidir le hiarraidh ar réamhrialú i gcás nach dtagann staid dhlíthiúil faoi raon feidhme dhlí an Aontais, ní féidir forálacha na Cairte a d'fhéadfadh a bheith á n-agairt ag an gcúirt a rinne an tarchur a bheith ina mbunús don dlínse sin iontu féin.

11. Ar deireadh, cé gur gá don Chúirt Bhreithiúnais agus don Chúirt Ghinearálta comhthéacs dlíthiúil agus fíorasach na bpríomhimeachtaí, atá curtha in iúl ag an gcúirt a rinne an tarchur ina hiarraidh ar réamhrialú, a chur san áireamh chun a mbreithiúnas a thabhairt, ní chuireann siad féin dlí an Aontais i bhfeidhm sa díospóid. I gcás ina dtugann siad breith ar léiriú nó ar bhailíocht dhlí an Aontais, déanfaidh an Chúirt Bhreithiúnais agus an Chúirt Ghinearálta gach dícheall freagra fóinteach a thabhairt ar mhaithe leis an díospóid sna príomhimeachtaí a réiteach, ach is faoin gcúirt a dhéanann an tarchur na hiarmhairtí nithiúla a bhaint as, agus an riail náisiúnta a mheastar a bheith ar neamhréir le dlí an Aontais a fhágáil gan feidhm más gá sin.

Am trátha chun tarchur chun réamhrialú a dhéanamh

12. Is féidir le cúirt náisiúnta iarraidh ar réamhrialú a chur chuig an gCúirt Bhreithiúnais a luaithe a thugann sí faoi deara go bhfuil gá le cinneadh maidir le léiriú nó bailíocht dhlí an Aontais chun breithiúnas a thabhairt. Is í an chúirt sin is fearr atá in ann measúnú a dhéanamh maidir leis an gcéim den nós imeachta náisiúnta is iomchuí chun an iarraidh sin a dhéanamh.

13. Mar sin féin, a mhéid a bheidh an iarraidh sin ina bunús do na himeachtaí os comhair na Cúirte Breithiúnais nó na Cúirte Ginearálta agus a mhéid nach mór an fhaisnéis go léir a bheith ag an gCúirt Bhreithiúnais agus ag an gCúirt Ghinearálta chun go bhféadfaidh siad a fhíorú an bhfuil dlínse acu chun na ceisteanna a fhreagairt, agus má tá an dlínse sin acu, freagra fóinteach a thabhairt ar na ceisteanna sin, is gá an cinneadh chun iarraidh ar réamhrialú a tharchur a dhéanamh ag céim de na himeachtaí ina bhfuil an chúirt a dhéanann an tarchur in ann comhthéacs dlíthiúil agus fíorasach na bpríomhimeachtaí, chomh maith leis na ceisteanna dlí a ardaítear leis, a shainiú le cruinneas leordhóthanach. Ar mhaithe le riar cuí an cheartais, d'fhéadfadh sé go mbeadh sé cuí, an tarchur a dhéanamh i ndiaidh díospóireacht sáraíochta chomh maith.

Foirm agus inneachar na hiarrata ar réamhrialú

14. Is féidir iarraidh ar réamhrialú a bheith in aon fhoirm atá ceadaithe ag an dlí náisiúnta, ach ní mór a choinneáil i gcuimhne go mbeidh an iarraidh sin ina bunús do na himeachtaí os comhair na Cúirte Breithiúnais nó na Cúirte Ginearálta agus go seirbheáiltear í ar na páirtithe leasmhara go léir dá dtagraítear in Airteagal 23 den Phrótacal ar Reacht Chúirt Bhreithiúnas an Aontais Eorpaigh ('an Reacht') agus, go háirithe, ar na Ballstáit go léir d'fhonn aon bharúlacha a d'fhéadfadh siad a dhéanamh a fháil. Mar gheall ar an ngá atá ann, dá réir sin, an iarraidh ar réamhrialú a aistriú go teangacha oifigiúla uile an Aontais Eorpaigh, is gá don chúirt nó don bhinse a dhéanann an tarchur dréachtú a dhéanamh atá simplí, soiléir agus beacht agus gan mionsonraí iomarcacha. Mar is léir ón taithí, is leor deich leathanach nó mar sin go minic chun comhthéacs dlíthiúil agus fíorasach na hiarrata ar réamhrialú agus na cúiseanna ar cuireadh í faoi bhráid na Cúirte a chur in iúl go cuí.

15. Leagtar síos ar an gcaoi cheánna in Airteagal 94 de Rialacha Nós Imeachta na Cúirte Breithiúnais agus in Airteagal 199 de Rialacha Nós Imeachta na Cúirte Ginearálta inneachar gach iarrata ar réamhrialú agus déantar achoimre air in iarscríbhinn leis an doiciméad seo. De bhreis ar an téacs lenar cuireadh na ceisteanna le haghaidh réamhrialú, ní mór an méid seo a leanas a bheith san iarraidh ar réamhrialú:

— achoimre ar ábhar na díospóide sna príomhimeachtaí, agus ar na fíorais ábhartha arna gcinneadh ag an gcúirt a rinne an tarchur nó, ar a laghad, achoimre ar na sonraí fíorais ar bunaíodh na ceisteanna a tharchuirtear chun réamhrialú orthu;

— inneachar na bhforálacha náisiúnta a bhféadfadh feidhm a bheith acu sa chás lena mbaineann agus, más gá, an cásdlí náisiúnta ábhartha, chomh maith le

— ráiteas ar na cúiseanna a fhágann go bhfuil an chúirt a rinne an tarchur in amhras faoi léiriú nó bailíocht fhorálacha áirithe de dhlí an Aontais, agus an nasc atá aitheanta aici idir na forálacha sin agus an reachtaíocht náisiúnta is infheidhme sna príomhimeachtaí.

In éagmais ceann amháin nó roinnt cinn de na nithe thuasluaite, d'fhéadfadh sé go ndearbhóidh an Chúirt Bhreithiúnais nó an Chúirt Ghinearálta nach bhfuil dlínse acu, de bhun Airteagal 53(2) de Rialacha Nós Imeachta na Cúirte Breithiúnais agus Airteagal 225 de Rialacha Nós Imeachta na Cúirte Ginearálta, faoi seach, chun breith a thabhairt ar na ceisteanna le haghaidh réamhrialú nó go ndiúltóidh siad don iarraidh ar réamhrialú toisc í a bheith do-ghlactha, trí ordú réasúnaithe.

16. Ina hiarraidh ar réamhrialú, ní mór don chúirt a dhéanann an tarchur tagairtí cruinne do na forálacha náisiúnta a bhfuil feidhm acu maidir leis na fíorais sna príomhimeachtaí agus d'fhorálacha dhlí an Aontais a bhfuil léiriú á lorg orthu nó a bhfuil amhras ann maidir lena mbailíocht a sholáthar. A mhéid is féidir, cuimsítear chomh maith sna tagairtí sin teideal cruinn na ngníomhartha ina leagtar amach na forálacha lena mbaineann agus tagairtí foilseacháin na ngníomhartha sin mar aon le dáta a nglactha. I gcás go ndéanann sí tagairt do chásdlí, iarrtar ar an gcúirt a rinne an tarchur uimhir ECLI ('European Case Law Identifier') den chinneadh lena mbaineann a lua.

17. Má mheasann sí go bhfuil gá leis chun an cás a thuiscint, is féidir leis an gcúirt a dhéanann an tarchur príomhaighneachtaí na bpáirtithe sna príomhimeachtaí a chur in iúl go haicearrach. I ndáil leis sin, ba chóir go gcuirfí i gcuimhne nach n-aistrítear ach an iarraidh ar réamhrialú amháin, agus ní aon iarscríbhinní a d'fhéadfadh a bheith leis an iarraidh sin.

18. Is féidir leis an gcúirt a dhéanann an tarchur a dearcadh maidir leis an bhfreagra atá le tabhairt ar na ceisteanna a tharchuirtear le haghaidh réamhrialú a chur in iúl go haicearrach chomh maith. Is féidir go mbeidh an dearcadh sin úsáideach, go háirithe i gcás nósanna imeachta brostaithe nó, i gcás inarb iomchuí, nósanna imeachta práinne.

19. Ar deireadh, ní mór na ceisteanna a chuirtear a bheith i gcuid ar leith den ordú tarchuir atá sainaitheanta go soiléir, ag an tús nó ag an deireadh más féidir. Ní mór na ceisteanna a bheith intuigthe iontu féin, gan gá a bheith ann tagairt a dhéanamh don ráiteas ar na cúiseanna leis an iarraidh.

20. D'fhonn léamh na hiarrata a éascú, tá sé riachtanach go mbeadh an cinneadh lena n-iarrtar an réamhrialú clóscríofa nuair a fhaightear ag an gCúirt Bhreithiúnais é agus go mbeadh uimhir leis na leathanaigh agus na míreanna de. Ní láimhseálfar iarrataí ar réamhrialú lámhscríofa.

Cosaint sonraí pearsanta agus anaithnidiú na hiarrata ar réamhrialú

21. D'fhonn an caighdeán is airde a áirithiú maidir le cosaint sonraí pearsanta i gcomhthéacs ina bhfuil an Chúirt Bhreithiúnais nó an Chúirt Ghinearálta ag próiseáil an cháis, agus an iarraidh ar réamhrialú á seirbheáil ar na páirtithe leasmhara dá dtagraítear in Airteagal 23 den Reacht, agus an breithiúnas cinntitheach á chur ar fáil ina dhiaidh sin sna teangacha oifigiúla go léir, iarrtar ar an gcúirt a dhéanann an tarchur – a bhfuil eolas iomlán aici agus aici amháin ar an gcáschomhad sna himeachtaí náisiúnta – an cás a anaithnidiú trí, mar shampla, litreacha a chur in ionad ainmneacha na ndaoine nádúrtha a ndéantar tagairt dóibh san iarraidh agus trí na gnéithe lena bhféadfaí daoine a aithint a cheilt. Mar thoradh ar an mborradh forleathan atá tagtha faoi úsáid teicneolaíochta faisnéise agus cumarsáide nua, agus go háirithe faoi úsáid inneall cuardaigh, dá ndéanfaí anaithnidiú tar éis don iarraidh ar réamhrialú a sheirbheáil ar na páirtithe leasmhara dá dtagraítear in Airteagal 23 den Reacht agus tar éis fhoilsiú an fhógra maidir leis an gcás lena mbaineann in Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh is amhlaidh go mbainfí an bonn ar fad d'éifeachtacht an anaithnidithe sin.

22. I gcás go bhfuil teacht ag an gcúirt a dhéanann an tarchur ar leagan den iarraidh ar réamhrialú a bhfuil ainmneacha luaite ann, ina gcuimsítear ainmneacha agus sonraí teagmhála iomlána na bpáirtithe sna príomhimeachtaí agus ar leagan anaithnidithe den iarraidh sin chomh maith, iarrtar uirthi an dá leagan a tharchur chuig an gCúirt Bhreithiúnais ar mhaithe le próiseáil an cháis a éascú don Chúirt Bhreithiúnais nó don Chúirt Ghinearálta.

Tarchur na hiarrata ar réamhrialú agus cáschomhad na n-imeachtaí náisiúnta chuig an gCúirt Bhreithiúnais

23. Ní foláir dáta a chur leis an iarraidh ar réamhrialú agus í a shíniú, agus ansin í a chur chuig Clárlann an Cúirte Breithiúnais trí mheán leictreonach nó tríd an bpost (Greffe de la Cour de justice, Rue du Fort Niedergrünewald, L-2925 Luxembourg). Ar chúiseanna a bhaineann, go háirithe, leis an ngá go bpróiseálfaí an cás go mear agus go mbeadh ardchaighdeán cumarsáide leis an gcúirt a rinne an tarchur, molann an Chúirt Bhreithiúnais don chúirt sin úsáid a bhaint as feidhmchlár e-Curia. Is féidir teacht ar na modhanna rochtana ar an bhfeidhmchlár sin, lenar féidir doiciméid nós imeachta a thaisceadh agus a sheirbheáil trí mheán leictreonach, agus ar choinníollacha úsáide an fheidhmchláir sin ar shuíomh gréasáin na hinstitiúide: CURIA - Nós imeachta - Cúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh (europa.eu). D'fhonn láimhseáil na n-iarrataí ar réamhrialú ag an gCúirt Bhreithiúnais agus ag an gCúirt Ghinearálta a éascú agus, go háirithe iad a aistriú i ngach teanga oifigiúil den Aontais Eorpaigh, iarrtar ar na cúirteanna náisiúnta, de bhreis ar an mbunleagan den iarraidh ar réamhrialú a sheoladh trí e-Curia, leagan ineagarthóireachta den iarraidh sin a sheoladh chuig an seoladh seo: editable-versions@curia.europa.eu. ([3])

24. Ní mór na doiciméid go léir atá ábhartha agus úsáideach chun an cás a láimhseáil ag an gCúirt Bhreithiúnais nó ag an gCúirt Ghinearálta a thaisceadh sa Chlárlann leis an iarraidh ar réamhrialú agus, go háirithe, sonraí teagmhála beachta na bpáirtithe sna príomhimeachtaí agus aon ionadaithe atá acu, mar aon le comhad an cháis sna príomhimeachtaí nó cóip de. Déantar an comhad sin (nó cóip de) – a fhéadfar a sheoladh trí mheán leictreonach nó tríd an bpost – a choimeád ag an gClárlann ar feadh an nós imeachta ar fad os comhair na Cúirte Breithiúnais nó na Cúirte Ginearálta agus, mura dtugann an chúirt a rinne an tarchur treoracha dá mhalairt, féadfaidh na daoine leasmhara dá dtagraítear in Airteagal 23 den Chairt breathnú air.

Cinneadh na Cúirte Breithiúnais maidir leis an gcúirt a bhfuil dlínse aici chun iarraidh ar réamhrialú a éisteacht agus a chinneadh

25. Cé gur fíor, ar mhaithe le deimhneacht dhlíthiúil agus luas, gur gá na hiarrataí go léir ar réamhrialú a chur faoi bhráid na Cúirte Breithiúnais, ní gá go dtabharfadh an Chúirt Bhreithiúnais féin an freagra ar na ceisteanna ón gcúirt a rinne an tarchur. Ag brath ar ábhar na hiarrata ar réamhrialú, tabharfaidh an Chúirt Bhreithiúnais nó an Chúirt Ghinearálta an freagra.

26. Mar is léir ón gcéad mhír d'Airteagal 50b den Reacht, tá dlínse ag an gCúirt Ghinearálta chun iarrataí ar réamhrialú a éisteacht agus a chinneadh, a chuirtear faoina bráid de bhun Airteagal 267 CFAE, a thagann faoi cheann amháin nó níos mó de na hábhair shonracha seo a leanas:

— an comhchóras cánach breisluacha;

— dleachtanna máil;

— an Cód Custaim;

— rangú earraí de réir taraife faoin Ainmníocht Chomhcheangailte;

— cúiteamh agus cúnamh do phaisinéirí i gcás ina ndiúltaítear cead bordála dóibh nó moill ar sheirbhísí iompair nó cealú seirbhísí iompair;

— an córas um lamháltais astaíochtaí gás ceaptha teasa a thrádáil.

Sonraítear sa dara mír d'Airteagal 50b, áfach, go bhfuil dlínse ag an gCúirt Bhreithiúnais fós chun iarrataí ar réamhrialú a éisteacht agus a chinneadh lena n-ardaítear ceisteanna neamhspleácha maidir leis an léiriú ar an dlí príomhúil, ar an dlí idirnáisiúnta poiblí, ar phrionsabail ghinearálta dhlí an Aontais nó na Cairte um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh. Ar an bhforas sin, déantar réamhanailís ar gach iarraidh ar réamhrialú a chuirtear faoi bhráid na Cúirte Breithiúnais, de réir an nós imeachta a ndéantar cur síos air thíos, dá bhforáiltear in Airteagal 93a de Rialacha Nós Imeachta na Cúirte Breithiúnais.

([3]) Is é an leagan ineagarthóireachta an doiciméad a dhréachtaítear i mbogearraí próiseála téacs amhail Microsoft Word, OpenOffice Writer, Google Docs nó Pages. Murab ionann agus bogearraí íomhábhunaithe amhail PDF, leis an bhformáid ineagarthóireachta sin is féidir an téacs a úsáid go díreach le linn phróiseáil an cháis, go háirithe ag céim an aistriúcháin.

27. Más rud é, tar éis anailís a dhéanamh ar an iarraidh ar réamhrialú, go measann Uachtarán na Cúirte Breithiúnais, le cúnamh ón Leas-Uachtarán nó ón gCéad Abhcóide Ginearálta, go dtagann an iarraidh sin faoi cheann amháin nó níos mó de na hábhair shonracha dá dtagraítear sa mhír roimhe seo, cuirfidh sé an méid sin in iúl don Chlárlann, a chuirfidh an iarraidh chuig Clárlann na Cúirte Ginearálta láithreach. Déanfaidh Clárlann na Cúirte Ginearálta an iarraidh sin a chlárú go foirmiúil agus leanfaidh an nós imeachta ar aghaidh os comhair na Cúirte Ginearálta, i gcomhréir le forálacha a Rialacha Nós Imeachta, arb ionann iad, ó thaobh na substainte de, agus forálacha Rialacha Nós Imeachta na Cúirte Breithiúnais.

28. Os a choinne sin, más rud é go measann an tUachtarán, an Leas-Uachtarán agus an Chéad Abhcóide Ginearálta, i ndiaidh réamhanailís a dhéanamh ar an iarraidh ar réamhrialú, cé go dtagann an iarraidh sin faoi cheann amháin nó níos mó de na hábhair shonracha, go mbaineann an iarraidh le hábhair eile freisin nó go n-ardaítear ceisteanna neamhspleácha maidir le léiriú ar an dlí príomha, ar an dlí idirnáisiúnta poiblí nó ar an gCairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh, cuirfear an iarraidh sin faoi bhráid Chruinniú Ginearálta na Cúirte Breithiúnais mar a mbeidh na Breithiúna agus na hAbhcóidí Ginearálta go léir den Chúirt rannpháirteach, chun anailís níos doimhne a dhéanamh. I ndiaidh na hanailíse sin, má mheasann an Chúirt Bhreithiúnais go dtagann an iarraidh ar réamhrialú go heisiach faoi cheann amháin nó níos mó de na hábhair shonracha dá dtagraítear sa chéad mhír d'Airteagal 50b den Reacht, déanfaidh Clárlann na Cúirte Breithiúnais an iarraidh sin a tharchur chuig Clárlann na Cúirte Ginearálta láithreach agus leanfar leis an nós imeachta os comhair na Cúirte Ginearálta, i gcomhréir le forálacha a Rialacha Nós Imeachta. Ina mhalairt de chás, leanfar leis an nós imeachta os comhair na Cúirte Breithiúnais, i gcomhréir le forálacha Rialacha Nós Imeachta na Cúirte Breithiúnais. Cuirfidh Clárlann na cúirte lena mbaineann toradh na hanailíse sin arna déanamh ag an gClárlann ar an gcúirt inniúil in iúl don chúirt a rinne an tarchur láithreach, agus beidh an Chlárlann sin ina pointe teagmhála eisiach don chúirt a rinne an tarchur ansin.

29. Má chinneann an Chúirt Ghinearálta nach bhfuil dlínse aici chun iarraidh ar réamhrialú a éisteacht agus a chinneadh, déanfaidh sí an iarraidh sin a tharchur chuig an gCúirt Bhreithiúnais trí ordú, de bhun an dara mír d'Airteagal 54 den Reacht. De réir an dara mír d'Airteagal 256(3) CFAE, féadfaidh an Chúirt Ghinearálta freisin cinneadh a dhéanamh iarraidh a tarchur chun na Cúirte Breithiúnais má mheasann sí go n-éilítear breith ar phrionsabal a d'fhéadfadh difear a dhéanamh d'aontacht nó do chomhchuibheas dhlí an Aontais. Cuirfear an chúirt a rinne an tarchur ar an eolas faoin tarchur láithreach.

An ceangal idir an tarchur chun réamhrialú agus na himeachtaí náisiúnta

30. Cé go bhfuil dlínse ag an gcúirt a dhéanann an tarchur bearta caomhnaithe a ghlacadh, go háirithe i gcás tarchur lena ndéantar measúnú ar bhailíocht, cuirtear na himeachtaí náisiúnta ar fionraí mar sin féin mar thoradh ar thaisceadh iarrata ar réamhrialú go dtí go bhfuil breithiúnas tugtha ag an gCúirt Bhreithiúnais nó ag an gCúirt Ghinearálta.

31. Cé go mbíonn an iarraidh ar réamhrialú os comhair na Cúirte Breithiúnais nó na Cúirte Ginearálta i bprionsabal go dtí go dtarraingíonn an chúirt a rinne an tarchur siar í, ní mór, áfach, a choinneáil i gcuimhne gurb é an ról atá ag an gCúirt Bhreithiúnais nó ag an gCúirt Ghinearálta i gcomhthéacs an nós imeachta um réamhrialú ná cur le riar éifeachtach an cheartais sna Ballstáit, agus ní tuairimí comhairliúcháin a chur le chéile maidir le ceisteanna ginearálta nó ceisteanna hipitéiseacha. Ós rud é go nglactar leis sa nós imeachta um réamhrialú go mbíonn imeachtaí ar feitheamh, i ndáiríre, os comhair na cúirte a rinne an tarchur, is faoin gcúirt sin atá sé an Chúirt Bhreithiúnais nó an Chúirt Ghinearálta a chur ar an eolas maidir le haon teagmhas nós imeachta lena bhféadfaí difear a dhéanamh dá dlínse féin agus, go háirithe, maidir le tarraingt siar ó na príomhimeachtaí nó réiteach cairdiúil orthu nó maidir le haon teagmhas eile lena gcuirfí deireadh cinntitheach leis an gcás. Ní mór don chúirt sin aon chinneadh a ghlacfaí mar chuid de chaingean in aghaidh cinneadh chun tarchur chun réamhrialú a dhéanamh agus a iarmhairtí don iarraidh ar réamhrialú a chur in iúl don Chúirt Bhreithiúnais nó don Chúirt Ghinearálta chomh maith. Ionas go bhfeidhmeodh an nós imeachta um réamhrialú atá os comhair na Cúirte i gceart, agus, go háirithe, ionas nach gcaithfeadh an Chúirt Bhreithiúnais nó an Chúirt Ghinearálta am agus acmhainní ar chás a d'fhéadfadh a bheith tarraingthe siar nó in éagmais aon chuspóra, tá sé tábhachtach go gcuirfí an fhaisnéis sin in iúl don Chúirt Bhreithiúnais nó don Chúirt Ghinearálta a luaithe agus is féidir.

32. Ina theannta sin, tarraingítear aird na gcúirteanna agus na mbinsí náisiúnta ar an difear is féidir a dhéanamh le tarraingt siar iarrata ar réamhrialú do riar cásanna comhchosúla sa chúirt a rinne an tarchur. I gcás ina bhfuil an toradh ar roinnt cásanna os comhair na cúirte sin ag brath ar an bhfreagra a thabharfaidh an Chúirt Bhreithiúnais nó an Chúirt Ghinearálta ar na ceisteanna ón gcúirt a rinne an tarchur, iarrtar ar an gcúirt sin na cásanna sin a uamadh sula dtaiscfear an iarraidh ar réamhrialú ionas go bhféadfaidh an Chúirt Bhreithiúnais nó an Chúirt Ghinearálta na ceisteanna a cuireadh a fhreagairt d'ainneoin cás amháin nó roinnt cásanna a tharraingt siar.

Costais agus cúnamh dlíthiúil

33. Tá na himeachtaí réamhrialaithe os comhair na Cúirte Breithiúnais agus na Cúirte Ginearálta saor ó tháille agus ní thugann siad breith ar chostais na bpáirtithe sna himeachtaí os comhair na cúirte a rinne an tarchur. Is faoin gcúirt sin atá sé breithiúnas a thabhairt i ndáil leis sin.

34. I gcás nach bhfuil a dhóthain acmhainní ag páirtí sna príomhimeachtaí, féadfaidh an Chúirt Bhreithiúnais nó an Chúirt Ghinearálta cúnamh dlíthiúil a thabhairt dó chun na costais a chuimsiú, go háirithe na costais ionadaíochta atá air. Ní féidir an cúnamh sin a dheonú, áfach, ach amháin mura bhfaigheann an páirtí lena mbaineann cúnamh ar an leibhéal náisiúnta cheana féin nó a mhéid nach gclúdaítear na costais arna dtabhú os comhair na Cúirte Breithiúnais nó na Cúirte Ginearálta leis an gcúnamh sin – nó nach n-íoctar ach cuid díobh. Iarrtar ar an bpáirtí sin, ar aon chaoi, an fhaisnéis agus na doiciméid tacaíochta go léir lenar féidir a staid airgeadais iarbhír a mheas a chur chuig an gCúirt Bhreithiúnais nó chuig an gCúirt Ghinearálta.

Seoladh an nós imeachta os comhair na Cúirte Breithiúnais nó na Cúirte Ginearálta agus na céimeanna eile a ghlacann an chúirt a rinne an tarchur i ndáil lena mbreith

35. Le linn an nós imeachta go léir, bíonn Clárlann na Cúirte Breithiúnais nó Clárlann na Cúirte Ginearálta i dteagmháil leis an gcúirt a dhéanann an tarchur, agus cuirfidh sí cóip de na doiciméid nós imeachta go léir chuici, in éineacht, más gá, leis na hiarratais uile ar shonrú nó ar shoiléiriú a mheastar a bheith riachtanach chun freagra fónta a thabhairt ar na ceisteanna arna gcur ag an gcúirt sin.

36. Ag deireadh an nós imeachta, ina gcuimsítear céim i scríbhinn agus céim ó bhéal i bprionsabal, tugann an Chúirt Bhreithiúnais nó an Chúirt Ghinearálta breithiúnas maidir leis na ceisteanna arna gcur ag an gcúirt a dhéanann an tarchur. I gcásanna áirithe, áfach, d'fhéadfadh an Chúirt Bhreithiúnais nó an Chúirt Ghinearálta breithiúnas a thabhairt ar na ceisteanna sin d'uireasa céim ó bhéal, nó fiú gan aighneachtaí i scríbhinn ó na páirtithe leasmhara dá dtagraítear in Airteagal 23 den Reacht a iarraidh. Is amhlaidh an cás go háirithe más ionann ceist a tarchuireadh le haghaidh réamhrialú agus ceist a bhfuil breithiúnas tugtha ag an gCúirt Bhreithiúnais nó ag an gCúirt Ghinearálta uirthi cheana féin, i gcás gur féidir an freagra ar cheist dá leithéid sin a thuiscint go soiléir ón gcásdlí nó nach bhfágtar aon amhras réasúnach leis. I gcásanna den sórt sin, tabharfaidh an Chúirt Bhreithiúnais nó an Chúirt Ghinearálta ar bhonn Airteagal 99 nó Airteagal 226 dá Rialacha Nós Imeachta, faoi seach, breith ar an gceist a chuirtear trí ordú réasúnaithe a bhfuil an raon feidhme agus an bhrí cheangailteach chéanna aici agus atá ag breithiúnas.

37. I ndiaidh an breithiúnas a fhógairt nó an t-ordú lena gcuirtear clabhsúr leis na himeachtaí a shíniú, déanfaidh Clárlann na cúirte lena mbaineann an bhreith lena gcuirtear clabhsúr leis na himeachtaí a sheoladh chuig an gcúirt a rinne an tarchur. Murab ionann agus breithiúnais agus orduithe na Cúirte Breithiúnais, beidh éifeacht ag breithiúnais agus orduithe na Cúirte Ginearálta sna coinníollacha dá bhforáiltear leis an dara mír d'Airteagal 62b den Reacht. Iarrtar ar an gcúirt a rinne an tarchur an Chúirt Bhreithiúnais nó an Chúirt Ghinearálta, de réir mar a bheidh, a chur ar an eolas faoin gcinneadh a ghlacfar sna príomhimeachtaí. Iarrtar ar an gcúirt a rinne an tarchur a breith chinntitheach a chur ar aghaidh, agus uimhir an cháis os comhair na Cúirte Breithiúnais nó na Cúirte Ginearálta á lua go sainráite, chuig an seoladh seo a leanas: Follow-up-DDP@curia.europa.eu

An fhéidearthacht eisceachtúil go ndéanfaidh an Chúirt Bhreithiúnais athbhreithniú ar bhreith na Cúirte Ginearálta

38. Mar is léir ón tríú mír d'Airteagal 256(3) CFAE, féadfaidh breitheanna arna dtabhairt ag an gCúirt Ghinearálta ar cheisteanna a tharchuirtear chun réamhrialú a bheith go heisceachtúil faoi réir athbhreithniú ag an gCúirt Bhreithiúnais, faoi na coinníollacha agus laistigh de na teorainneacha arna leagan síos sa Reacht, i gcás ina bhfuil baol tromchúiseach ann go ndéanfaí difear d'aontacht nó do chomhchuibheas dhlí an Aontais. I ndáil leis sin, sonraítear sa dara mír d'Airteagal 62 den Reacht, i gcás den sórt sin, nach mór do Chéad Abhcóide Ginearálta na Cúirte Breithiúnais an togra le haghaidh athbhreithniú ar bhreith na Cúirte Ginearálta a dhéanamh laistigh de mhí ó fhógairt na breithe sin agus nach mór don Chúirt Bhreithiúnais breith a thabhairt ar an togra sin agus cinneadh a dhéanamh dá réir an iomchuí athbhreithniú a dhéanamh ar bhreith na Cúirte Ginearálta laistigh de mhí amháin ó thogra an Chéad Abhcóide Ghinearálta. Is léir nuair a léitear na forálacha sin i gcomhar leis an dara mír d'Airteagal 62b den Reacht nach dtagann breith na Cúirte Ginearálta chun bheith críochnaitheach go dtí go dtéann na teorainneacha ama dá dtagraítear thuas in éag nó, i gcás ina bhfuil tús curtha go héifeachtach leis an nós imeachta um athbhreithniú, i ndiaidh an nós imeachta sin, a ndéantar cur síos ar na nósanna imeachta ina leith in Airteagail 194 agus 195 de Rialacha Nós Imeachta na Cúirte Breithiúnais.

39. Ós rud é, áfach, gur cheart gur nós imeachta eisceachtúil é an nós imeachta um athbhreithniú, ní mór an cúirt a rinne an tarchur a chur ar an eolas a luaithe is féidir faoi thogra i leith athbhreithniú (nó easpa togra) ar bhreith na Cúirte Ginearálta. Foráiltear le hAirteagal 193a de Rialacha Nós Imeachta na Cúirte Breithiúnais, dá bhrí sin, go gcuirfear an chúirt sin ar an eolas láithreach mura ndéanfar togra i leith athbhreithniú, rud a fhágfaidh go mbeidh breith na Cúirte Ginearálta cinntitheach. Ina mhalairt de chás, ní mór don chúirt sin fanacht go dtí go nglacfaidh an Chúirt Bhreithiúnais cinneadh ar thogra ón gCéad Abhcóide Ginearálta – agus, i gcás ina dtabharfar cinneadh fabhrach faoin togra sin, fanacht ar thoradh an nós imeachta um athbhreithniú – chun a fháil amach an ndeimhníonn an Chúirt Bhreithiúnais an bhreith a thug an Chúirt Ghinearálta nó an measann sí go ndéanann an cinneadh difear d'aontacht nó do chomhchuibheas dhlí an Aontais, agus sa chás sin tiocfaidh an freagra a thug an Chúirt ar na ceisteanna atá faoi réir athbhreithniú in ionad fhreagra na Cúirte Ginearálta.

II. **Na forálacha is infheidhme maidir le hiarrataí ar réamhrialú ar gá iad a láimhseáil go mear**

40. Faoi na coinníollacha dá dtagraítear in Airteagal 23a den Reacht agus in Airteagail 105 go 114 de Rialacha Nós Imeachta na Cúirte Breithiúnais agus Airteagal 237 de Rialacha Nós Imeachta na Cúirte Ginearálta, is féidir nós imeachta brostaithe nó nós imeachta práinne a chur i bhfeidhm maidir le tarchur chun réamhrialú, i gcúinsí áirithe. Déanann an Chúirt Bhreithiúnais nó an Chúirt Ghinearálta cinneadh maidir le cur chun feidhme na nósanna imeachta sin i gcás go dtíolacann an chúirt a dhéanann an tarchur iarraidh ar leith chuig an gCúirt, a bhfuil cuí-réasúnú léi agus ina leagtar síos na himthosca fíorais agus dlí lena dtugtar údar le cur i bhfeidhm an nós imeachta (nó na nósanna imeachta) sin, nó, i gcás eisceachtúil, as a stuaim féin, i gcás gur cosúil go bhfuil gá ann mar gheall ar chineál nó imthosca an cháis féin.

Coinníollacha maidir leis an nós imeachta brostaithe agus an nós imeachta práinne a chur i bhfeidhm

41. De réir Airteagal 105 de Rialacha Nós Imeachta na Cúirte Breithiúnais agus Airteagal 237 de Rialacha Nós Imeachta na Cúirte Ginearálta, is féidir tarchur chun réamhrialú a chur faoi réir nós imeachta brostaithe, de mhaolú ar fhorálacha na rialacha sin, i gcás go n-éilíonn nádúr an cháis go ndéileálfar leis laistigh d'achar gearr ama. Ós rud é go bhforchuirtear srianta suntasacha leis an nós imeachta sin ar na gníomhaithe uile sa nós imeachta agus, go háirithe, ar na Ballstáit go léir, a bhfuil orthu barúlacha, i scríbhinn nó ó bhéal, a thaisceadh i bhfad níos luaithe ná mar is gnáth, níor cheart go n-iarrfar a chur i bhfeidhm ach amháin i gcás go bhfuil práinn ann, mar thoradh ar imthosca faoi leith, lena dtugtar údar le breithiúnas ón gCúirt Bhreithiúnais nó ón gCúirt Ghinearálta a thabhairt go mear ar na ceisteanna arna gcur. D'fhéadfadh sé gurbh amhlaidh an cás a bheadh ann, go háirithe, i gcás garbhaol méadaithe don tsláinte phoiblí nó don timpeallacht, a bhféadfadh cinneadh brostaithe ón gCúirt Bhreithiúnais nó ón gCúirt Ghinearálta cur lena chosc, nó i gcás gur gá, mar gheall ar imthosca faoi leith, fáil réidh le héiginnteacht faoi cheisteanna bunúsacha maidir le dlí bunreachtúil náisiúnta agus dlí an Aontais. De réir cásdlí comhsheasmhach, ní hionann líon mór daoine nó staideanna dlíthiúla a bhféadfaí difear a dhéanamh dóibh leis an gcinneadh atá le tabhairt ag an gcúirt a rinne an tarchur tar éis di an cás a chur faoi bhráid na Cúirte Breithiúnais le haghaidh réamhrialú, cúrsaí eacnamaíocha tábhachtacha a bheith i gceist nó fiú dualgas a bheith ar an gcúirt a dhéanann an tarchur breithiúnas a thabhairt go mear, agus imthosca eisceachtúla iontu féin lena bhféadfaí údar a thabhairt le húsáid an nós imeachta brostaithe.

42. Is fíor an méid sin a fortiori i gcás an nós imeachta práinne um réamhrialú, dá dtagraítear in Airteagal 107 de Rialacha Nós Imeachta na Cúirte Breithiúnais. Is amhlaidh chomh maith go bhforchuirtear srianta leis an nós imeachta sin, nach bhfuil feidhm aige ach amháin i gcás na n-ábhar dá dtagraítear i dTeideal V den Tríú Cuid de CFAE maidir leis an limistéar saoirse, slándála agus ceartais, atá níos déine fós ar na gníomhaithe lena mbaineann ós rud é go gcuirtear teorainn leis ar líon na bpáirtithe a gceadaítear dóibh aighneachtaí i scríbhinn a thaisceadh agus go gceadaítear, i gcásanna deargphráinne, an chéim i scríbhinn den nós imeachta os comhair na Cúirte a fhágáil go hiomlán ar lár leis. Dá réir sin, ní chóir cur i bhfeidhm an nós imeachta sin a iarraidh ach amháin in imthosca ina bhfuil sé fíor-riachtanach go dtabharfadh an Chúirt breithiúnas go han-mhear ar na ceisteanna arna gcur ag an gcúirt a dhéanann an tarchur.

43. Cé nach féidir imthosca den sórt sin a liostú go huileghabhálach anseo, go háirithe mar thoradh ar chineál ilchineálach agus athraitheach rialacha dhlí an Aontais lena rialaítear an limistéar saoirse, slándála agus ceartais, is féidir le cúirt nó binse náisiúnta, mar shampla, a bheith ag machnamh ar iarraidh a dhéanamh ar an nós imeachta práinne um réamhrialú sa chás dá dtagraítear sa cheathrú mír d'Airteagal 267 CFAE, ina bhfuil duine atá á choinneáil nó ar baineadh a shaoirse de, i gcás go bhfuil freagra na ceiste a ardaíodh cinntitheach chun staid dlí an duine sin a mheas nó, in imeachtaí maidir le húdarás tuismitheora nó cúram leanaí óga ós rud é go háirithe go mbraitheann réiteach na bpríomhimeachtaí ar an bhfreagra ar an gceist a tarchuireadh le haghaidh réamhrialú agus go bhféadfaí, dá n-úsáidfí an gnáthnós imeachta, dochar tromchúiseach, fiú doleigheasta, a dhéanamh don chaidreamh idir an leanbh agus a thuismitheoirí (nó duine dá thuismitheoirí) nó d'fhorbairt agus d'imeascadh an linbh ina thimpeallacht teaghlaigh agus shóisialta. Os a choinne sin, ní hionann iontu féin

leasanna eacnamaíocha, dá thábhachtaí nó dá dhlisteanaí iad, an éiginnteacht dhlíthiúil lena ndéantar difear do staid na bpáirtithe sna príomhimeachtaí nó do pháirtithe eile in imeachtaí comhchosúla, an líon mór daoine nó cásanna dlíthiúla a bhféadfaí difear a dhéanamh dóibh leis an gcinneadh atá le tabhairt ag an gcúirt a rinne an tarchur tar éis di an cás a chur faoi bhráid na Cúirte le haghaidh réamhrialú, nó fiú an líon mór cásanna a bhféadfadh cinneadh na Cúirte difear a dhéanamh dóibh, agus imthosca lena bhféadfaí údar a thabhairt le cur i bhfeidhm an nós imeachta práinne um réamhrialú.

Iarratas ar chur i bhfeidhm an nós imeachta brostaithe nó an nós imeachta práinne

44. D'fhonn an Chúirt Bhreithiúnais nó an Chúirt Ghinearálta a chur ar a cumas cinneadh a dhéanamh go gasta chun an nós imeachta brostaithe nó an nós imeachta práinne um réamhrialú a chur i bhfeidhm ní mór na himthosca dlí agus fíorais lena gcruthaítear an phráinn a chur in iúl go beacht agus, go háirithe, an baol a bheadh ann dá leanfadh an tarchur an gnáthnós imeachta. Ina theannta sin, a oiread agus is féidir, ní foláir don chúirt a dhéanann an tarchur a dearcadh maidir leis an bhfreagra atá le tabhairt ar na ceisteanna a chur in iúl go haicearrach. Is amhlaidh, le léiriú dá leithéid sin, go mbeadh sé níos éasca do na páirtithe sna príomhimeachtaí agus do pháirtithe leasmhara eile a ghlacann páirt sa nós imeachta seasamh a ghlacadh agus, dá réir sin, go gcuirfí le luas an nós imeachta.

45. I ngach cás, ní mór an t-iarratas ar chur i bhfeidhm an nós imeachta brostaithe nó an nós imeachta práinne a chur isteach i bhfoirm gan débhrí lena gcuirfí an Chlárlann ar a cumas measúnú a dhéanamh láithreach go dteastaíonn láimhseáil faoi leith don chás. Chuige sin, iarrtar ar an gcúirt a dhéanann an tarchur cé acu den dá nós imeachta atá á lorg sa chás atá faoi thrácht agus tagairt don Airteagal ábhartha de na Rialacha Nós Imeachta lena mbaineann a lua san iarratas (Airteagal 105 de Rialacha Nós Imeachta na Cúirte Breithiúnais nó Airteagal 237 de Rialacha Nós Imeachta na Cúirte Ginearálta a bhaineann leis an nós imeachta brostaithe nó Airteagal 107 de Rialacha Nós Imeachta na Cúirte Breithiúnais a bhaineann leis an nós imeachta práinne). Ní mór don tagairt sin a bheith curtha i gcuid faoi leith, ar féidir í a aithint go soiléir, den ordú tarchuir nó i gcomhfhreagras ar leith den chúirt a dhéanann an tarchur.

46. I dtaca leis an gcinneadh lena ndéantar an tarchur chun réamhrialú féin, tá sé níos tábhachtaí fós go mbeadh sé gonta i gcás práinne ionas go gcuirfeadh sé le luas an nós imeachta.

Cumarsáid idir an Chúirt Bhreithiúnais nó an Chúirt Ghinearálta agus an chúirt a rinne an tarchur agus na páirtithe sna príomhimeachtaí

47. Iarrtar ar an gcúirt a dhéanann iarratas ar chur i bhfeidhm an nós imeachta brostaithe nó an nós imeachta práinne an t-iarratas sin mar aon leis an ordú tarchuir féin – mar aon le téacs an iarratais i bhformáid ineagarthóireachta – a chur ar aghaidh trí fheidhmchlár e-Curia nó trí ríomhphost (DDP-GreffeCour@curia.europa.eu).

48. Chun cumarsáid ina dhiaidh sin idir an Chúirt Bhreithiúnais agus an Chúirt Ghinearálta agus an chúirt a rinne an tarchur agus na páirtithe sna príomhimeachtaí a éascú, iarrtar ar an gcúirt a dhéanann an tarchur a seoladh ríomhphoist a lua, a fhéadfaidh an Chúirt Bhreithiúnais nó an Chúirt Ghinearálta a úsáid, mar aon le seoltaí ríomhphoist ionadaithe na bpáirtithe sna príomhimeachtaí.

IARSCRÍBHINN

Eilimintí bunriachtanacha san iarraidh ar réamhrialú

San iarscríbhinn seo, athluaitear, go hachomair, príomheilimintí atá le cur in iarraidh ar réamhrialú. I ndiaidh na n-eilimintí seo, luaitear na míreanna de na moltaí seo ina ndéantar cur síos níos mionsonraithe ar na heilimintí sin.

Bíodh sí tarchurtha trí mheán leictreonach nó tríd an bpost, ní mór go ndéanfaí tagairt i ngach iarraidh ar réamhrialú do na nithe seo a leanas:

1) ainm na cúirte a sheol an tarchur agus, más gá, an dlísheomra nó an painéal breithiúna is inniúil (féach ina leith sin, míreanna 3-7);
2) céannacht chruinn na bpáirtithe sna príomhimeachtaí agus, más gá, céannacht na ndaoine a dhéanann ionadaíocht orthu os comhair na cúirte a rinne an tarchur (i gcás na bpáirtithe sna bpríomhimeachtaí, féach, áfach, míreanna 21 agus 22 de na moltaí seo maidir le cosaint sonraí pearsanta);
3) ábhar na bpríomhimeachtaí agus na fíorais ábhartha (féach mír 15);
4) forálacha ábhartha an dlí náisiúnta agus dhlí an Aontais (féach míreanna 15 agus 16);
5) na cúiseanna a bhfuil an chúirt a rinne an tarchur in amhras faoi léiriú nó ar bhailíocht dhlí an Aontais (féach míreanna 8 go 11, 15 go 18);
6) na ceisteanna le haghaidh réamhrialú (féach mír 19) agus, más gá,
7) aon ghá le láimhseáil faoi leith ar an iarraidh a bhaineann, mar shampla, leis an luas sonrach lenar gá an iarraidh a láimhseáil ag an gCúirt Bhreithiúnais nó ag an gCúirt Ghinearálta (féach míreanna 40 et seq).

Ó thaobh cúrsaí foirmiúla de, ní mór na hiarrataí ar réamhrialú a bheith clóscríofa, dátaithe agus sínithe agus iad a thaisceadh i gClárlann na Cúirte trí mheán leictreonach más féidir, leis na doiciméid uile atá fónta agus ábhartha do láimhseáil an cháis curtha leo (féach, ina leith sin, míreanna 20 go 24 de na moltaí seo agus, i dtaca leis na hiarrataí ar gá iad a láimhseáil go mear, míreanna 44 go 48).

Modhanna tarchuir arna moladh ag an gCúirt Bhreithiúnais agus ag an gCúirt Ghinearálta

D'fhonn ardchaighdeán cumarsáide a áirithiú leis na cúirteanna a tharchuireann ceisteanna le haghaidh réamhrialú, molann an Chúirt Bhreithiúnais agus an Chúirt Ghinearálta úsáid a bhaint as na modhanna tarchuir seo a leanas:

1) Taisceadh na hiarrata ar réamhrialú (nó doiciméid ábhartha eile a bhfuil baint acu leis an iarraidh sin):

   — Bundoiciméad sínithe den iarraidh ar réamhrialú (nó doiciméid eile a bhaineann leis an iarraidh sin): seoladh arna dhéanamh trí fheidhmchlár e-Curia. Tá socruithe rochtana an fheidhmchláir sin, atá saor in aisce agus slán, chomh maith le coinníollacha úsáide dó, ar fáil ag an seoladh seo a leanas: https://curia.europa.eu/jcms/jcms/P_78957/ga/

   — Leagan ineagarthóireachta den iarraidh ar réamhrialú (nó de dhoiciméid eile a bhfuil baint acu leis an iarraidh sin): editable-versions@curia.europa.eu

2) Seoladh chinneadh cinntitheach na cúirte a rinne an tarchur (anaithnidithe, más gá, go háirithe chun é a chur ar fáil ar líne), arna thabhairt i ndiaidh chinneadh na Cúirte Breithiúnais nó na Cúirte Ginearálta maidir leis an iarraidh ar réamhrialú: Follow-up-DDP@curia.europa.eu